25 FEAR NA PLAITE AGUS A BHEAN

Do bhí fear anso fadó-tá sé chó math dhúinn Fear na Plaite a ghlaoch air agus ní raibh aon ghruaig ar mhullach a chínn. Do bhí roinnt aois' aige, agus do bhí sé pósta ag bean spriosánta óg go leor, agus ní raibh leath-ghlaoch aici air nuair ná raibh gruaig a' fás ar a cheann aici. Do bhí seiribhísig dá urasa thímpeall uirthi, agus b'ait léithi go mbeadh sé imithe anois agus arís uaithi insa nós ná beadh sé ag éisteacht i n-ao'chor leóthu a' caínt.

Do bhí sé, lá, cois na tine istig i n-a shuí, é féin agus í féin, agus do rángaig go raibh a hata bainte dhe aige. Do d'fhéach [a bhean] ar a cheann.

"Is mór a' náire liom," adúirt sí," do cheann a bhe chó plaiteach a's tá sé, agus ba cheart duit a dhul i n-áit eicínt a bhfaighthá artha a d'fhásfadh gruaig ort!"

"Níl aon áit agam le hí í fháil," adúirt a' sean-fhear bocht, "agus níl náire ar bith oram-sa plait a bheith ar mo cheann, mar tá sé náisiúnta dom lithéide."

Mar sin a bhí. "Tá náire mhuar oram-sa," adúirt sí," agus cathfa tu dhul i n-áit eicínt a bhfaighi tu artha a d'fhásfaig gruaig ar do cheann!"

"Well, níl fhios agam cé mbe sé," adúirt sé.

Do d'imi sé go dí an Airheann ar maidin Dé Domhna dho féin, an fear bocht, i n-ainim Dé. Má d'imi choíhint, faid a bhí sé amuh do bhí seiribhíseach i n-a dhiaig, agus é féin agus bean a' tí go hana-mhór lé chéil' a' caínt. Nuair a choinnic a' seiribhíseach a' teacht é, do d'imi sé bóthar buinisciúnn amach, agus chua sé i n-a bhóthar féin.

Do tháinig fear a' tí isteach, agus do shui sé síos, agus do leag sé a hata ar a' mbórd, mar bhí sé a' cuir allais; do bhí toit mhuar allais amach trí mhùllach a chinn.

D'fhéach [a bhean] air:

"Is muar a' náire liom tu bheith gan ghruaig," adúirt sí," agus tá mé dhá reá i gcónaí leat ! "

" 'Ar nó, níl fhios agam cé bhfaighinn an artha a chuirfig an ghruaig ar mo cheann!" [adúirt a' fear bocht].

" "Tá fhios agum-sa é!" adúirt sí. Tá sé i n-a lithéide seo 'o bhaile," adúirt sí, "an fear. Ach tá sé seo sé nú seach' do mhílte bóthair uait, agus cathfa tu chuir i gcóir anois i n-ainim Dé ar maidin amáireach, agus dul fae n-a dhéin nú go bhfaighi tú artha a d'fhásfaig gruaig ar do cheann!"

"Tá an siúl ró-fhada," adúirt a' sean-fhear, " agus tá leisc' oram dul ann!"

"Ní chall duit sin," adúirt sí. "Imig i n-am ar maidin, agus beig do dhóchain don lá reót chuig casa!"

Mar sin a bhí. Ar maidin go doth bhí sí i n-a suí, agus bricfeast a' tsean-fhir i gcóir aici. D'ua sé a bhricfeast, agus d'imi sé leis, agus do bhí sé ag imeacht agus a' siúl

Cistithe ag
An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

leis, a' dul insan áit a oil dho féin. Casag fear muinteara leis thímpeall lé leath bealaig. D'inis sé dhon fhear muínteara cá rai' sé a' dul.

"O," adúirt a' fear muínteara, "níl aon 'nó ansin agat mar ná fuil aon ghiob dá shórt lé fáil agat ann. Níl artha ar domhan ansin ag a' bhfear sin ná níl a lithéide le fáil agat. Cas abhaile, agus ná tabhair tora ar bith ar a' mbean sin!"

" 'Muise, is féidir liom do chóirle a dhéana," adúirt a' sean-fhear. Do chas sé abhaile, agus nuair a rángaig leis theacht abhaile do tháini sé abhaile níos éasca ná an fear a bhí a' súil leis. Níor airíodar go rai' sé ana-ghairid don doras. D'fhéach bean a' tí amach, agus do choinnic sí a' teacht é.

“Ŏ! Ó!” adúirt sí, “ tá sé a' teacht anois, agus tá greim aige ort!"

"Cad a dhéanfa mé?" adúirt an falcaire.

"Níl plan ar bith is feárr 'uit a dhéana ná a dhul go léim ar a' lota, agus seachain a' bhfágfá an lota ar chor ar bith nú go n-abaraí mise leat é!"

Mar sin a bhí. Do chua sé go léim suas ar a' lota, agus do bhí sé thuas ar a' lota ansin nuair a tháinic fear a' tí isteach. "Ŏ, a' dtáini tu?" adúirt sí.

Thanas," adúirt sé.

"Dhin tu deabha muar!" adúirt sí.

" 'Ó, mhuise, dhineas," adúirt sé, " mar nár dheagha mé chó fada leis a' mbóthar i n-ao'chor. Ní raibh aon 'nó agam ann," adúirt sé, ' agus ní raibh arth' ar bith dhá shórt le fáil ná níl !"

" "Deirim-se, pé ar domhan duine adúirt leat é sin," adúirt sí, "gur 'úirt sé éitheach leat, mar fuair mis' an artha sin ó d'imi tu, agus ní feárr liom rud a dhin tú ná casa i n-éascaíocht." " Is math é sin!"

adúirt a' sean-fhear.

Seo anois," adúirt sí, " fé ndineamuid aon mhoíll teighir ar do dhá ghlúin anso im fhianaise, agus cuirfi mise an artha dhuit ! " Chreid a' sean-fhear í, agus do chua sé ar a dhá ghlúin amach os a

coinne. Do chaith sí a haprún anuas ar a cheann agus d'fhoili sí é. “Dá n-airítheá an teh a' titim anois,” adúirt sí, “nú pé ar domhan rud a d'aireó tu, seachain ar do chluais deis ná clé go gcrothfá do cheann, nú be an artha brist' agat!"

Bhí go math. Do bhí sé ar a dhá ghlúin agus a cheann brúite anuas ar a dhá glúin sin aige, agus í a' cur na hartha.

" 'Artha a fuaireas "-adúirt sí-" chun do ghruaige theacht go luath ort. Preab amach ! " adúirt sí leis a' bhfear a bhí ar a' lota"preab amach !"

Mar sin a bhí. D'eighrig a' fear a bhí ar a' lota, agus phreab sé amach; agus, má phreab choíhe, níor chuíni sí ar a' scéal cheart ínseacht do fé ndeagha sé ar a' lota, ach do ghlao sí i n-a dhiaig, agus é a' góil amach:

"Tar Dé Luain nú Dé Máirt

Neart gan cheart, neart gan cheart!" Shil a' fear a bhí ar a ghlúine gurab í a ghruaig a bhí a' teacht Dé Luain nú Dé Máirt, ach ní hé ach a' falcaire a bhí órdaithe ther n-ais aríst.

Níor tháinig gruaig ar a' sean-fhear an lá sin ná an lá i n-a dhiaig ná aon lá go bhfuair sé bás. Ach bhí a' tseana-bhean a' maga fé.